


Cúrsa: “Digital Tax Education and Tax Payments” (Oideachas Cánach Digiteach agus Íocaíochtaí Cánach)

Gearrthóga Micreafhoghlama

Gearrthóg 12: “What is customs duty?” (Cad is dleacht chustam ann?)

Cur síos ar an nGearrthóg

Pictiúr
léiritheach



Teideal	Cad is dleacht chustam ann?
Cur síos gearr	Féachtar sa ghníomhaíocht seo le heolas a thabhairt do na déagóirí ar stair na ndleachtanna custam agus ar a ról i sochaí an lae inniu.
Sonraí	Aidhm: Cuireann na déagóirí eolas ar stair na ndleachtanna custam agus ar a ról i sochaí an lae inniu. Cuspóirí: Faigh amach bunús na ndleachtanna custam sa stair agus an fáth a chaití iad a íoc. An ról atá ag dleachtanna custam i sochaí an lae inniu a thuiscint. An tslí a gcuirtear dleachtanna custam i bhfeidhm san AE a aithint. Ábhair: Micrighearrthóg “What is a customs duty?” (Cad is dleacht chustam ann?) Clár bán idirghníomhach (nó díreach teilgeoir LCD)

	Foclóir: Dleachtanna custam, saor ó dhleacht, aontas custaim
Conas ceacht seo a úsáid	Céimeanna na gníomhaíochta: Seinn an chéad roinn den Ghearrthóg, ina dtugtar stair na ndleachtanna custam san Eoraip Ársa agus sna Meánaoiseanna suas go dtí an lá inniu. Seinn an roinn seo a leanas agus cuir an ghearrthóg ar sos chun míniú a thabhairt ar na cúiseanna a mbaineann tíortha agus daoine aonair tairbhe as dleachtanna custam. Tar éis an bheochan a sheinm, pléigh leis na déagóirí na cúiseanna a bhfuil dleachtanna custam á n-íoc againn fós inniu. Pléigh an toradh a bheadh air mura n-íocfaí dleachtanna custam. Clabhsúr: D'fhéadfá plé ranga a eagrú bunaithe ar na coincheapa a cuireadh i láthair sa mhicrighearrthóg. D'fhéadfá díriú ar na topaicí seo, nó ar chuid díobh: Iarr ar na déagóirí roinnt dleachtanna custam eile i stair na hEorpa, taobh amuigh de na samplaí a tugadh, a chur i láthair, tar éis taighde a dhéanamh. Iarr ar na déagóirí liosta de dheich bheart ar luachanna éagsúla a dhéanamh, bearta a tháinig ó thíortha eile, agus iarr orthu an dleacht chustaim ceart a dhéanamh amach do gach beart. Cuir na torthaí i gcomparáid agus ríomh na méideanna cearta le chéile. Is féidir leat úsáid a bhaint, leis, as an gcluiche oideachasúil sa roinn seo mar obair bhaile chun na coincheapa a cuireadh i láthair sa cheacht a chomhdhlúthú.
Catagóir	Micreafhoghlaim
An príomh-spriocghrúpa	13 - 17 mbliana d'aois
Topaicí gaolmhara scoile	Eacnamaíocht, Eitic, Béarla mar an Dara Teanga, Eolaíochtaí an Duine